**Ríomhphost:** scoilnaomhciaran@gmail.com

**Guthán:** 086 302 4158 **Oifig:** 095 33613

12/03/2021

A Chairde,

Tá súil agam go bhfuil sibh i mbarr sláinte agus ag súil le theacht ar ais ar scoil Dé Luain! Tá muid thar a bheith sásta go bhfuil Rang a 3, 4 agus 6 ag teacht ar ais againn tar éis an tréimhse sa mbaile. Tá cupla rud le meabhrú don tseachtain seo chugainn:

**Plean Covid-19 / *Covid-19 School Plan***

Mar is eol daoibh, tá ár bPlean Covid-19 uasdhátaithe ag an nasc thíos le coicís anuas. Le bhur dtoil, seol an foirm as-láithreachais ar ais againn chuig ríomhphost na scoile chomh luath agus is féidir libh. Caithfear an foirm seo a chur ar aghaidh againn tar éis aon tréimhse as-láithreachais. *We are following the updated Covid-19 plan which was uploaded to the website 2 weeks ago, available at the link below. Please send in the "Return to Educational Facility" form, and send to our school email as soon as possible. This form must be sent into us after any absence in the future.*

Plean COVID-19 agus Foirm Filleadh ar áis Oideachais ar fáil anseo:
https://scoilnaomhciaran.com/obair-covid19

**Fágáil na bPáistí ar scoil / Drop off and collection of children**

Chun sábháilteacht tráchta a chinntiú an tseachtain seo chugainn, beidh foireann na scoile amuigh ag glacadh teochtanna ón 9:05 r.n i gcarrchlós an tSéipéil. Ní bheidh muid ag tógáil teochtanna na bpáistí tar éis An Aoine 19ú Márta. *To ensure traffic safety next week, school staff will take temperatures at the cars from 9:05 a.m onwards in the church carpark. Temperatures will not be taken in the mornings before school after next Friday 19th March.*

**Ag siúl isteach sa scoil / *Walking into school***

Meabhraigí do na páistí le bhur dtoil, *nach bhfuil cead acu* an bóthar a thrasnú idir an scoil agus an séipéal gan duine fásta. Caithfidh siad fanacht ag na geataí go mbeidh duine fásta ann chun treoir a thabhairt. NB: breathnaigh soir agus siar / suas agus síos an cnoc sula dtrasnaíonn siad an bóthar. *Please remind children that they are not allowed to cross the road between the church and the school gates without an adult present. They must wait at either side until an adult is present to guide them across. Also, they must look left and right, up and down the hill before they cross.*

**Obair Bhaile**

Ní bheidh obair bhaile ag Rang Cháit don chéad choicís ar ais, seachas léitheoireacht. Beidh beagán obair bhaile ag rang Éabha & Clíona agus cuirfear suas ar Class Dojo / Seesaw é seo. Níl muid ag iarraidh an iomarca obair bhaile a thabhairt faoin láthair, beidh muid ag cur béim ar an léitheoireacht agus táblaí do Mhí an Mhárta.

**Lá Domhanda na Leabhair**

Tá sé cinnithe againn go mbeidh muid ag gléasadh suas le haghaidh World Book Day ar An Aoine, 19ú Márta. Tabharfaidh sé seo seans do dhaoine feisteas a ullmhú! Beidh muid ag déanamh plé ar na leabhra is fearr linn an tseachtain seo chugainn, agus beidh níos mó eolais maidir leis an ngléasadh suas an tseachtain seo chugainn!

Tá muid ag tnúth go mór fáilte a chur roimh na hArdranganna Dé Luain, d'airigh muid uainn go mór iad! Le cúnamh Dé beidh téarma mhaith, sona & sásta againn agus tiocfaidh feabhas ar rudaí ó thaobh an Covid-19 sna míonna amach romhainn.

Bíodh deireadh seachtaine dheas agaibh, tabhair aire.

Le dea-ghuí,

Éabha & Foireann SNC ☺